RIALACHÁN (AE) 2022/520 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le seoltaí dramhaíola ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2), an tríú abairt, de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 ón gCoimisiún ([2]) a leasú le Rialachán (AE) 2021/1840 ([3]).

(2) De bhun Airteagail 37(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, tráth leasú na hIarscríbhinne sin le Rialachán (AE) 2021/1840, chuir an Coimisiún san áireamh na freagraí faoi seach ar a iarraidh i scríbhinn a fuarthas ón India agus ón Moldóiv. Ina dhiaidh sin luaigh an India i scríbhinn, maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina freagra faoin bhfo-iontráil B3020, nár léirigh sí an reachtaíocht agus na nósanna imeachta atá ann cheana, rudaí nár chuir cosc ar na cineálacha dramhaíola sin a allmhairiú. Mar sin, d'iarr an India go ndéanfaí an nós imeachta maidir leis an bhfo-iontráil B3020 a athrú ó rogha (a) go rogha (d).

(3) Ina dhiaidh sin luaigh an Mholdóiv i scríbhinn nár léiríodh leis an reachtaíocht ná leis na nósanna imeachta atá ann cheana an fhaisnéis a cuireadh ar fáil ina freagra faoi fhochodanna roinnt iontrálacha, reachtaíocht agus nósanna imeachta nár chuir cosc ar na fochatagóirí dramhaíola sin a allmhairiú. Mar sin, d'iarr an Mholdóiv gur cheart an nós imeachta maidir le fochatagóirí sonracha chóid dramhaíola B1010, B1200, B2020, B2110, B3011, B3020, B3030 agus B3060 a aistriú ó rogha (a) go rogha (d).

(4) Tráth an leasaithe, liostaíodh an tSile go mícheart i Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 i measc na dtíortha sin nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála. An 10 Aibreán 2018, d'fhormheas Comhairle ECFE an Tuairim ón gCoiste um Beartas Comhshaoil maidir leis an tSile Cinneadh ECFE sin a chomhlíonadh. Dá bharr sin, níl feidhm ag Airteagal 37(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir leis an tSile a thuilleadh agus ba cheart an tábla a bhaineann leis an tSile a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007.

(5) Tráth an leasaithe, liostaíodh cóid dramhaíola B3010 agus GH013 sa tábla a bhaineann leis an Ailgéir. Nuair a rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 a leasú le Rialachán (AE) 2021/1840, liostaíodh cód dramhaíola GC040 sa tábla a bhaineann leis an Téalainn. Níl na cóid sin á n-úsáid a thuilleadh agus dá bhrí sin ba cheart iad a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1418/2007.

(6) Níl an phoncaíocht sna táblaí maidir le Taipei na Síne agus maidir leis an Libéir ar neamhréir. Sa tábla a bhaineann le Taipei na Síne, in áit 'B1030 — B1031' i gcolún (b), ba cheart "B1030; B1031" a bheith ann, chun go mbeidh sé i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an Iarscríbhinn a léamh. Sa tábla a bhaineann leis an Libéir, ba cheart "B1010 — B1250" a bheith in ionad "– B1010 – B1250" i gcolún (a), chun go mbeidh sé i gcomhréir leis an riail maidir le colún (b) a léamh.

([1]) IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú (IO L 316, 4.12.2007, lch. 6).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1840 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú (IO L 373, 21.10.2021, lch. 1).

(7) Chun na botúin sin a cheartú agus i bhfianaise an tionchair ar oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 a leasú dá réir.

(8) Ag féachaint don ghá práinneach le tús a chur arís le loingsithe na dramhaíola lena mbaineann chuig an India agus chuig an Moldóiv, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Ailgéir:

"**An Ailgéir**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
			B1010 — B1020
B1030			
			B1031
B1040			
			B1050
B1070 — B1220			
			B1230 — B1240
B1250 — B2020			
ó B2030: — Snáithíní ceirmeacha nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile			ó B2030: — Dramhaíl agus fuíoll ceirméid (comhchodanna de cheirmeach agus de mhiotal)
B2040 — B2130			
B3020			
			B3030 — B3035
B3040 — B3065			
B3080			
B3100 — B4030			
GB040 — GC050			
			GF010
GG030			
			GG040"
GN010			
GN030			
Meascáin de chineálacha dramhaíola			
Gach dramhaíl eile a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006			

(2) Scriostar an tábla a bhaineann leis an tSile.

(3) Sa tábla a bhaineann le Taipei na Síne, an tríú ró, an dara colún:

Cuirtear "B1030; B1031" in ionad "B1030 – B1031".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le hIndia:

"**An India**

(a)	(b)	(c)	(d)
			Ó B1010: Cineálacha dramhaíola miotal agus cóimhiotal i bhfoirm neamhspréite mhiotalach — Fuíoll tóiriam — Fuíoll tearcithreach Ó B1010: Cineálacha dramhaíola miotal agus cóimhiotal i bhfoirm neamhspréite mhiotalach — Miotail lómhara (ór, airgead, miotail de chuid an ghrúpa platanaim, ach gan mearcair a áireamh) — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll nicile — Fuíoll alúmanaim — Fuíoll since — Fuíoll stáin — Fuíoll tungstain — Fuíoll molaibdéinim — Fuíoll tantalaim — Fuíoll maignéisiam — Fuíoll cóbailt — Fuíoll biosmait — Fuíoll tíotáiniam — Fuíoll siorcóiniam — Fuíoll mangainéise — Fuíoll gearmáiniam — Fuíoll vanaidiam — Fuíoll haifniam, indiam, niaibiam, réiniam agus gailliam — Fuíoll cróimiam
			B1020
			B1030
			B1031
			B1040
			B1050: Miotal neamhfheiriúil measctha, fuíoll codáin throm, ina bhfuil caidmiam, antamóin, luaidhe & teallúiriam B1050: Miotal neamhfheiriúil measctha, fuíoll codáin throm, ina bhfuil miotail seachas na cinn a shonraítear
			B1060
			B1070
			B1080

			B1090
			Ó B1100: Cineálacha dramhaíola ina bhfuil miotail a thagann as leá, bruithniú agus mínghlanadh: — Spealtar since crua — Cineálacha drais ina bhfuil sinc: — Dras since uachtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since íochtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since ó theilgean dísle (> 85 % Zn) — Dras since leice ó ghalbhánú teothumtha (baisc) (> 92 % Zn) — Bearrthaí since — Bearrthaí alúmanaim (nó bearrthaí) gan slaig shalainn a áireamh
B1115			
			B1120 — B1240
B1250			
			B2010 — B2100
B2110 — B2130			
			B3020
B3026			
			B3027
			Ó B3030: — Cineálacha dramhaíola teicstíle Na hábhair seo a leanas, ar choinníoll nach measctar iad le cineálacha dramhaíola eile agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir sonraíochta: — Dramhaíl olla nó fionnaidh ainmhíoch mhín nó ghairbh, lena n-áirítear dramhaíl snátha ach gan stoc gairnéadaithe a áireamh: — scothanna olla nó scothanna fionnaidh ainmhíoch mhín — dramhaíl eile olla — nó dramhaíl as fionnadh ainmhíoch mín — dramhaíl as fionnadh ainmhíoch garbh — dramhaíl chadáis (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) — dramhaíl snátha (lena n-áirítear dramhaíl snáithe) — stoc gairnéadaithe — eile — Barrach agus dramhaíl lín

			— Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as fíorchnáib (Cannabis sativa) — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) siúite agus snáithíní cáiteoige teicstíle eile (gan líon, fíorchnáib ná raimí a áireamh) — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave* — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as cócó — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as abacá (cnáib mhainileach nó Musa textilis Nee) — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as raimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile — Dramhaíl (lena n-áirítear scothanna, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as snáithíní de dhéantús an duine — as snáithíní sintéiseacha — as snáithíní saorga — Éadaí seanchaite agus earraí teicstíle seanchaite eile; — Ceirteacha, fuíoll sreangáin, téadra, téad agus cáblaí, iad seanchaite agus earraí seanchaite as sreangán, téadra, téad nó cáblaí teicstíle — iad sórtáilte — eile
			B3035 — B3060
B3065			
			B3070 — B3130
			B3140: Dramhaíl as aerbhoinn agus boinn eile, seachas na boinn sin nach féidir acmhainní a bhaint astu, ná iad a athchúrsáil ná a aisghabháil ach gan na cinn atá beartaithe le haghaidh athúsáid dhíreach a áireamh B3140: Boinn Aerárthaí a onnmhairítear chuig na Déantúsóirí Buntrealaimh le haghaidh atráchta agus arna n-allmhairiú ag na haerlínte arís tar éis an atráchta sin chun aerárthaí a chothabháil, ar boinn iad a choimeádtar ar bord nó i stóir na n-aerlínte atá lonnaithe taobh an aeir de na Limistéir Banna Custaim

			B4010 — B4030
			GB040 — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar agus copair chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu 262030 262090 — Cineálacha dramhaíola as líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, ó bhruithniú copair — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0,5 % de stán
			GC010 Cóimeálacha leictreacha nach bhfuil iontu ach miotail nó cóimhiotail
			GC020 Fuíoll leictreonach (e.g. cláir chiorcad phriontáilte, comhpháirteanna leictreonacha, sreang, etc.) agus comhpháirteanna leictreonacha athshlánaithe atá oiriúnach d'aisghabháil miotal lómhar agus táirmhiotal
			GG040"

(5) Sa tábla a bhaineann leis an Libéir, an chéad cholún (colún a), cuirtear "B1010 – B1250" in ionad "– B1010" agus "– B1250". Dá réir sin, cuirtear "B3011" in ionad "– B3011".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Moldóiv:

"**An Mholdóiv (Poblacht na Moldóive)**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ach amháin: Ó B1010: Fuíoll agus dramhaíl iarainn theilgthe, iarainn nó cruach Ó B1200: Slag gránaithe as foirnéis soinneáin (slag mainnigh) ó mhonarú muciarainn, iarainn nó cruach Ó B2020 agus GE020: Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine eile; gloine sa mhais: — Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine eile (nach bhfuil substaintí contúirteacha iontu)			Ó B1010: Fuíoll agus dramhaíl iarainn theilgthe, iarainn nó cruach Ó B1200: Slag gránaithe as foirnéis soinneáin (slag mainnigh) ó mhonarú muciarainn, iarainn nó cruach Ó B2020 agus GE020: Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine eile; gloine sa mhais: — Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine eile (nach bhfuil substaintí contúirteacha iontu)

Ó B2110: Sloda ruaimneach (iarmhar báicsíte) Ó B3011: Poileitiléin ag a bhfuil dlús níos lú ná 0,94 Polaiméirí eitiléine Ó B3020: Páipéar nó cairtchlár (dramhaíl agus fuíoll) in-athchúrsáilte: — Craftpháipéar neamhthuartha nó craft-chairtchlár neamhthuartha nó páipéar roctha neamhthuartha nó cairtchlár roctha neamhthuartha — Páipéar nó cairtchlár eile atá déanta as laíon ceimiceach tuartha go príomha, gan bheith daite sa mhais — Páipéar nó cairtchlár déanta as laíon meicniúil go príomha (mar shampla nuachtáin, tréimhseacháin agus ábhar eile clóite den chineál sin): — Sean-nuachtáin agus seanirisí nár díoladh, seaneolairí teileafóin, seanbhróisiúir agus seanábhar clóite fógraíochta nár díoladh — Eile, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll nach bhfuil sórtáilte: — Ábhar gan sórtáil (i.e. dramhaíl tí agus táirgthe, cineálacha éagsúla cairtchláir, páipéar bán agus páipéar daite) — Sórtáilte Ó B3030: Dramhaíl chadáis (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) Ó B3060: Dramhaíl tobac (easnaí tobac) Moirt fíona Tarta amh			Ó B2110: Sloda ruaimneach (iarmhar báicsíte) Ó B3011: Poileitiléin ag a bhfuil dlús níos lú ná 0,94 Polaiméirí eitiléine Ó B3020: Páipéar nó cairtchlár (dramhaíl agus fuíoll) in-athchúrsáilte: — Craftpháipéar neamhthuartha nó craft-chairtchlár neamhthuartha nó páipéar roctha neamhthuartha nó cairtchlár roctha neamhthuartha — Páipéar nó cairtchlár eile atá déanta as laíon ceimiceach tuartha go príomha, gan bheith daite sa mhais — Páipéar nó cairtchlár déanta as laíon meicniúil go príomha (mar shampla nuachtáin, tréimhseacháin agus ábhar eile clóite den chineál sin): — Sean-nuachtáin agus seanirisí nár díoladh, seaneolairí teileafóin, seanbhróisiúir agus seanábhar clóite fógraíochta nár díoladh — Eile, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll nach bhfuil sórtáilte: — Ábhar gan sórtáil (i.e. dramhaíl tí agus táirgthe, cineálacha éagsúla cairtchláir, páipéar bán agus páipéar daite) — Sórtáilte Ó B3030: Dramhaíl chadáis (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) Ó B3060: Dramhaíl tobac (easnaí tobac) Moirt fíona Tarta amh”
Meascáin dramhaíola			
Gach dramhaíl eile a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006			

(7) Sa tábla a bhaineann leis an Téalainn, an dara colún (colún b)

Cuirtear “GC010; GC030” in ionad “GC010 – GC040”.